C/2026/4983

25.9.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12602 — AP / GERRESHEIMER PRIMARY PACKAGING PLASTICS BUSINESS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/4983)

1. An 15 Meán Fómhair 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Apax Partners LLP ('AP Funds', an Ríocht Aontaithe),

— Gnó pacáistíochta plaistí príomhúla ('PPP') Gerresheimer AG (an Ghearmáin) (an 'Spriocghnóthas').

Gheobhaidh AP rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar an Spriocghnóthas.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is comhpháirtíocht faoi dhliteanas teoranta é AP agus máthairchuideachta le haghaidh líon eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí comhairleacha infheistíochta do chistí cothromais phríobháidigh a infheistítear i raon earnálacha tionscail,

— Is é an Spriocghnóthas gnó príomhúil Gerresheimer AG maidir le pacáistiú plaisteach, agus é dírithe ar chórais choimeádta agus dúnta phlaisteacha le haghaidh feidhmeanna cógaisíochta agus cúraim phearsanta/cosmaidí, chomh maith le vitimíní, mianraí agus tuaslagáin fhorlíontacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12602 — AP / GERRESHEIMER (PRIMARY PACKAGING PLASTICS BUSINESS)

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË